# Stiúrthóir Athraithe agus Feabhsaithe Gnó

Grád Phríomhoifigigh
An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha
Pacáiste Faisnéise Iarratasóra




Samhain 2025

A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i i ról an Stiúrthóra Athraithe agus Feabhsaithe Gnó

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 200 sa chéad dá bhliain. Táimid ag iarraidh fás go dtí os cionn 300 anois. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: na hearnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú do Stiúrthóir Athraithe agus Feabhsaithe Gnó. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuirfidh sé lenár sprioc[anna] a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfainn duit iarratas a dhéanamh.

**Is mise le meas**
**Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

# Ár bhFís agus ár Misean

Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.

Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

## Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha




## Ár Luachanna




Féach ar ár Ráiteas Straitéiseach

Coimisiún na Meán

caighdeánú próisis gnó a thiomáint agus an chaoi a ndéantar iad a dhoiciméadú, ó mhonn eagraíocht a

# Eolas Faoin Ról Seo

## Cuspóir an Róil

Beidh sealbhóir an phoist i gceannas ar an Oifig Bainistíochta Chlár (PMO), ar fheabhsú leanúnach, agus ar ghníomhaíochtaí bainistíochta athraithe laistigh de Choimisiún na Meán, ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Oibriúcháin.

Chun tacú le réadú ár straitéise, táimid ag brath ar chumasóirí seachadta a chinntíonn go bhfuil eagraíocht lúfar, éifeachtach agus dea-bhainistithe againn. Beidh ról lárnach ag sealbhóir an phoist maidir le cumas na heagraíochta cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a fheabhsú trí chláir agus tionscadail a sheachadadh go héifeachtach, trí chleachtais feabhsúcháin leanúnacha a leabú, agus trí chur chuige struchtúrtha a fhorbairt maidir le bainistíocht athruithe.

Oibriú go dlúth le foirne inmheánacha, cinnteoidh sealbhóir an phoist cleachtais chomhsheasmhacha, ardcháilíochta maidir le tionscadail agus bainistíocht athruithe ar fud na heagraíochta. Déanfaidh siad maoirseacht ar fhorbairt chláir oibre bliantúil agus phunann tionscadal na heagraíochta, ag cothú rannpháirtíocht níos doimhne le foirne agus le rannóige chun ár straitéis agus ár n-uaillmhianta a chomhlíonadh níos fearr, agus chun athléimneacht eagraíochtúil a fhorbairt.
Beidh caighdeánú na bpróiseas gnó ríthábhachtach don ról chun bealaí comhsheasmhacha a choinneáil chun feidhmiú mar leathnú ar fheidhmeanna an Chomisiúin. Oibreoidh siad go dlúth freisin leis an bhfoireann TFC chun úsáid éifeachtach na teicneolaíochta a chinntiú chun tacú lenár mbealaí oibre.

## Maidir leis an bhFoireann/Rannóg

Tá an Oifig Bainistíochta Chlár suite laistigh de Rannóg Seirbhísí Corparáideacha Choimisiún na Meán, mar aon le Daoine & Forbairt Eagrúcháin, Airgeadas & Soláthar agus Rialachas & Rúnaíocht. Tá an fhoireann seo á leathnú chun tábhacht straitéiseach agus oibríochtúil na ngníomhaíochtaí seo a léiriú.

# Príomhfhreagrachtaí

- An fhoireann a fhorbairt agus a neartú chun raon croí-inniúlachtaí a chlúdach, lena n-áirítear bainistíocht tionscadail agus chlár, feabhsú leanúnach, bainistíocht athruithe agus sármhaitheas oibriúcháin.



Coimisiún na Meán

# Príomhfhreagrachtaí (ar lean)

- Dul i dteagmháil le hurraitheoirí sinsearacha chun pleanáil agus cur i gcrích éifeachtach clár oibre a bhrú chun cinn trí rannpháirtíocht láidir agus comhoibriú le rannáin a chothú.

- Caighdeánú agus feabhsú na modheolaíochtaí bainistíochta tionscadail a chur chun cinn, lena n-áirithítear rialachas láidir tionscadail agus seachadadh comhsheasmhach ardchaighdeáin thar na cláir agus na tionscadail go léir.

- Bonneagar a fhorbairt chun gníomhaíochtaí ríthábhachtacha a bhaineann le tionscadail a rianú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus a áirithiú, lena n-áirítear athbhreithnithe ar thionscadail agus réadú tairbhí.

- Meicníochtaí a bhunú, a stiúradh agus a mhaoirsiú chun bainistíocht athruithe a leabú mar inniúlacht eagraíochtúil, tacú le ceannairí sinsearacha agus bainisteoirí chun an t-athrú a threorú go héifeachtach agus athléimneacht eagraíochtúil a fhorbairt.

- Tacú le ceannairí sinsearacha agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le gach gné den athrú eagraíochtúil a eascraíonn as sainchúram eagraíochtúil, cumhachtaí nó feidhmeanna nua atá ag méadú

- Cultúr feabhsaithe leanúnach a chur chun cinn trí chumais a thógáil ar fud na heagraíochta chun dúshláin a aithint, réitigh a mholadh agus a chur i bhfeidhm, agus úinéireacht a ghlacadh ar fheabhsuithe leanúnacha.

- Anailís a dhéanamh ar easnaimh, saincheisteanna agus gearáin i bpróisis ghnó reatha chun straitéisí feabhsaithe próisis agus nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha a fhorbairt

- Treorú a thabhairt do bhaill foirne ábhartha agus gníomhaíochtaí na mball foirne ábhartha a threorú, lena n-áirítear forbairt agus oiliúint chun a chinntiú gur féidir leis an bhfoireann seirbhísí agus tacaíochtaí ardchaighdeáin freagrúla a sholáthar don eagraíocht

- Stór lárnach uirlisí, teimpléid, ceachtanna a foghlaimíodh agus ábhar oiliúna a bhunú agus a chothabháil chun eolas institiúideach a chaomhnú agus chun cur chuige rathúil a ghlacadh agus a scálú.

**Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.**

# Eolas Fút

## Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

**Critéir Riachtanacha**

- Cáilíocht ag íosleibhéal 8 (céim onóracha) i ndisciplín ábhartha.
- 10 mbliana taithí ghairmiúil ábhartha, lena n-áirítear 5 bliana ag feidhmiú ag leibhéal bainistíochta sinsearach.
- Taithí shuntasach i gcomhoibriú agus tionchar ag leibhéal sinsearach in eagraíochtaí casta.
- Teist léirithe maidir le bainistiú agus stiúradh pleananna oibre, clár agus tionscadal i dtimpeallacht chasta.
- Cumas cruthaithe chun sonraí iomchuí a shainaithint agus a ghabháil, agus an cumas sonraí a anailísiú agus a úsáid chun cinntí fónta a dhéanamh.
- Scileanna cumarsáide agus éascaithe den scoth agus an cumas na scileanna seo a úsáid chun torthaí gnó agus daoine a sheachadadh.
- Tuiscint léirithe ar chur chuige rialachais tionscadail.
- Taithí léirithe ar thionscnaimh athraithe eagraíochtúla a threorú.
- Cumas cruthaithe chun oibriú go héifeachtach i dtimpeallacht chasta atá ag athrú; príomhthosaíochtaí a aithint agus bealaí nua oibre a chur i bhfeidhm.

**Inmhianaithe**

- Cáilíocht iarchéime i ndisciplín ábhartha agus/nó deimhniú gairmiúil a bhaineann leis na réimsí freagrachta.
- Taithí ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm samhlacha oibriúcháin agus dearadh eagraíochta.
- Taithí in earnáil phoiblí nó i dtimpeallacht rialála.

# Príomhfhaisnéis

## Sochair, Pacáiste & Pá

- Tairgtear an post seo ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 30 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról a chomhcheanglaíonn obair bhaile agus oifige. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ar ár suíomh gréasáin anseo le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ag an scála Phríomhoifigigh..
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

# Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir isteach le do thoil:

- CV (uasmhéid 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uasmhéid 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist **trí** ANSEO
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post ar iarrthóirí cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

**Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a léirítear thuas.**

Le haghaidh ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

# Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo: Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na hinniúlachtaí tabhair cuairt ar ár gceisteanna coitianta.

Ceannaireacht & Treorú Straitéiseach

Breithiúnas & cinnteoireacht

Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

Caidrimh a Chothú & Cumarsáid

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhísí Poiblí

# An Próiseas Roghnúcháin

**Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:**

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról.

- Réamhagallamh bunaithe ar inniúlacht
- Agallamh dara babhta d’iarrthóirí ar éirigh leo sa chéad bhabhta, lena n-áireofar cur i láthair nó cleachtadh praiticiúil eile

Beidh an chéad agallamh ar siúl trí MS Teams. Déanfar an dara hagallamh go pearsanta inár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

## Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d’fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

**Dáta Deiridh: 3pm, 24 Samhain 2025**

Proud to be inclusive
MEMBER
Open Doors
Creating Work Opportunities For All

Investors in Diversity | BRONZE

